



25/09/2018

NUACHTLITIR

Gaelscoil Thaobh na Coille

Tús maith leath na hoibre

Buaileann Daltaí na Scoile leis an Taoiseach



An Taoiseach Leo Varadkar ag caint le Fionn, Oscar, Ted, Eoin, Maeve agus Charlie ó R6A & R6B

Thug an Taoiseach Leo Varadkar cuairt ar Mhéanscoil Oideachas le Chéile na Céime ar an Aoine an 14 Meán Fómhair mar cheiliúradh ar Lá Idirnáisiúnta an Daonlathais. Bhí grúpa daltaí ó bhunscoil Oideachas le Chéile na Céime agus ó Rang a 6 na scoile s'againne i láthair freisin. Rinne an trí scoil seastáin a chur suas timpeall ar an halla a léirigh na rudaí a bhí tábhachtach dóibh mar scoil. Tar éis don Taoiseach óráid a thabhairt agus roinnt ceisteanna a fhreagairt chuaigh sé timpeall ó thaispeántas go taispeántas ag labhairt leis na daltaí. Mhínigh daltaí Gaelscoil Thaobh na Coille don Taoiseach go raibh an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach an-thábhachtach dúinn. D'inis siad dó freisin, go gcuirtear an-bhéim sa scoil ar an gceol agus ar an rince gaelach maraon leis an bpeil agus an iomáint. Dúirt siad leis go mbaineann siad an-taitneamh as an scoil.

The Taoiseach Leo Varadkar visited Stepside Educate Together Secondary School on Friday the 14th of September to celebrate International Democracy Day. A small group of pupils from the Stepside Educate Together Primary school and a group of 6th class pupils from our own school were invited to attend as representatives of both primary schools. The three schools put up stands around the hall displaying the core values of their respective schools. After making his speech and answering a couple of questions the Taoiseach went from stand to stand to meet with the pupils. Our 'daltaí' explained to the Taoiseach how important the Irish language and the Irish culture is to us as a school. They told him all about the 'banna ceoil' and how good our football and hurling teams are! They spoke about their 'ranganna rince' and told him that they really enjoy school.

Beatha Teanga í a Labhairt

Iarraim ar thuistí uile na scoile sár-iarracht a dhéanamh an Ghaeilge a labhairt agus sibh ag fágaint bhúr bpáistí ar scoil ar maidin agus á mbailiú arís ag am dul abhaile. Níor cheart go gcloisfí Béarla ar bith amuigh ar an gclós. Más gá daoibh Béarla a labhairt bhéinn an-bhuíoch daoibh ach bogadh ar leath taobh agus labhairt go ciúin agus go discrédieach. Ba mhaith linn ár nGaeltacht beag féin a bheith againn i mBeallairmín agus ní bheimid in ann é sin a dhéanamh muna dtarraingimid ar fad le chéile. Ní gá duit Gaeilge chruinn líofa a bheith agat le Gaeilge a labhairt. Bain triall aisti - cuirfidh sé ionadh ort cé mhéad focal a thiocfaidh ar ais chugat nuair a thosaíonn tú. Mar a deir an sean-fhocal 'Taithí a dhéanann máistreacht'.

I ask all our parents to make a concerted effort to speak 'as Gaeilge' when you are dropping your children off in the morning and picking them up again at home time. No English should be heard out on the yard. If you must speak English I would ask you to step aside and do so quietly and out of ear shot! Please help us as we strive to create our own little Gaeltacht in Belarmine. This will only be achieved if we pull together. Your Gaeilge does not need to be word perfect or grammatically correct in order for you to speak it. Give it a go - you will be surprised how much will come back to you. Practice makes perfect!



Scoil dúnta do na páistí ar an Luan an 08 Deireadh Fómhair 2018 mar go mbeidh lá inseirbhíse don Churaclam Teanga nua ag an bhfoireann. Níl an dáta seo luaite ar an bhféilire scoile.

The school will be closed for the pupils on Monday 8th of October 2018 as the staff have an in-service training day on the new language curriculum. This school closure is not marked on the school calendar.

Páirceáil do dhaoine faoi Míchumas

Is do dhaoine faoi mhí-chumas amháin an dá spás páirceála in aice leis an gclós uile-aimsire. Bíonn an dá spás seo ag teastáil go laethúil ó thuismitheoirí a bhfuil páistí leo ag freastal ar an scoil. An chéad uair eile atá tú ar tí páirceáil 'sna spásanna seo do thiománaíthe faoi mhíchumas gan ceadúnas a bheith agat – STOP agus smaoinigh faoi



Disabled Parking Bays

The two parking bays in front of the all-weather yard are reserved for disabled drivers only. These spaces are needed on a daily basis by parents of children attending the school. The next time you are considering using these disabled parking space without a permit – STOP and think about the consequences for others.

Ailléirge Cnónna

Cuirimid i gcuimhne daoibh arís gan cnónna nó bia le cnónna a bheith mar chuid de lón scoile do pháiste/pháistí mar go bhfuil **droch-ailléirge le cnónna** ag roinnt daltaí i ranganna éagsúla sa scoil.



We remind you all once again not to include nuts & foods containing nuts in your child/children's school lunch/lunches as there are several children throughout the school that suffer from **severe nut allergies**.

Nut Allergy

Éide Scoile

Éide Scoile Iomlán Is gá do na páistí ar fad ó rang a 1 go rang a 6 an t-éide scoile iomlán, a chaitheamh an t-am ar fad. Caithear an culaith spóirt ar an lá go ndéantar corp oideachas amháin.



School Uniform All pupils from first to sixth class must wear the school uniform at all times. The school tracksuit is worn once a week i.e. the day on which they have P.E.

School Uniform

Bróga Scoile Bróga **dubh** nó **dubhghorm** amháin ba cheart a bheith á chaitheamh ag na páistí ar scoil. Níl bróga nó bróga reatha il-daite ceadaithe. (Bróga reatha dubh, dubhghorm, bán)

School Shoes Only **black** or **navy** shoes are to be worn to school. Coloured shoes or runners are not permitted as they are not part of the school uniform. (Runners to be black, navy white)

Na Naíonáin Tá sé de rogha ag na naíonáin an culaith spóirt a chaitheamh lá ar bith gur mian leo.

Infants The infants have the option of wearing the tracksuit at all times or any day they wish.

Corp Oideachas Aoine: R3 R4 R5 R6 Luan: N1 N2 R1 R2

P.E. Days Friday: R3 R4 R5 R6 Monday: N1 N2 R1 R2

Ceachtanna snámha

Freastalaíonn daltaí R1, R2 & R3 ar cheachtanna snámha i linn snámha Meadowbrook i mBaile an tSaoir mar chuid den Chorp Oideachas. Tá 3 sheisiún (9 seachtainí an seisiún) curtha in áirithe dár scoil rud a chiallaíonn gur féidir le rang ghrúpa éagsúil freastal ar ranganna snámha gach téarma. €65 an costas a bheidh ar na cheachtanna snámha seo (costas an bhus san áireamh). Seo a leanas na socraithe atá déanta againn don scoil bliain seo 2017/2018



Swimming lessons Swimming lessons are arranged for the pupils of R1, R2 & R3 in Meadowbrook swimming pool in Ballinteer as part of the physical education curriculum. Each class attends classes for 9 consecutive weeks. Three terms of 9 weeks each have been set aside for Gaelscoil Thaobh na Coille which means that one class group attends each term. The cost of the swimming lessons is €65 (which includes the cost of bus transport). The following arrangements have been made for this school year 2017/2018

Téarma 1: **R3A & R3B : Dé hAoine 14/09/2018 →**

Term 1 : **R3A & R3B : Friday 15/09/2018 →**

Téarma 2: R2A & R2B : Dé hAoine 11/01/2019 →

Term 2 : R2A & R2B : Friday 11/01/2019 →

Téarma 3: R1A & R1B : Dé hAoine 22/04/2019 →

Term 3 : R1A & R1B : Friday 22/04/2019 →

Madraí

Níl sé ceadaithe madraí a thabhairt isteach sa chlós nó ar thailte na scoile fiú má tá siad ar cheangal treorach. Tá an riail seo i bhfeidhm ar mhaithe le sábháilteacht na bpáistí & ar mhaithe le cothromaíocht do pháistí go bhfuil faitíos orthu roimh mhadraí.



Dogs

Dogs are not permitted on the yard or in the school grounds even if they are on a lead. This rule is in place in order to ensure the safety of the children and in consideration of children who may be fearful of dogs.

Bus Scoile

Tá bus scoile (i gcomhair le Bus Éireann) ag fágáil páistí chun na scoile ar maidin agus á mbailiú arís ag deireadh an lae. Píocann an bus seo páistí suas ó Rathfearnáin, Baile na nGabhar, An Teampall Bán agus Baile an tSaoir. Tá spás páirceála ar thaobh an bhóthair lasmuigh de ráillí na scoile (marcáilte go sealadach) le fágáil saor ó pháirceáil don bhus seo.



School Bus

A School Bus Service (run by Bus Éireann) is dropping children to school in the mornings and collecting them again at the end of the day. The bus picks children up in Rathfarnham, Goatstown, Whitechurch and Ballinteer. A parking space on the road side beside the school railings (temporary markings) is to be left clear of parking for the school bus.

Aonach Leabhar

Beidh Aonach Leabhar ar siúl sa scoil ón Mháirt an 9 Deireadh Fómhair go dtí Déardaoin 11 Deireadh Fómhair. Is bealach é seo chun suim sa léitheoireacht a chothú agus tacaíocht a thabhairt don scoil freisin. Faigheann an scoil 50% den airgead ar ais i bhfoirm leabhar do na leabharlanna ranga. Beidh deis ag na páistí breathnú ar na leabhair lena múinteoirí ranga ar an Mháirt agus beidh deis agaibhse teacht isteach le leabhair a cheannach le bhur bpáistí ag na hamanna seo a leanas.

Dé Máirt 09/10/18: 1.30pm -2.30pm

Dé Céadaoin 10/10/18: 6.00pm - 7.30pm

Déardaoin 11/10/18: 8.20am - 8.50am & 2.30pm - 3.00pm



Book Fair

A Book Fair will be held in school from Tuesday the 9th of October to Thursday the 11th of October. This is a great way to encourage children to read & support our school at the same time. The school will receive 50% of the proceeds of the sale in free books for class libraries. The children will have an opportunity to look at the books with their class teachers on Tuesday. You will have an opportunity to come in to the book fair to buy books with your children at the following times.

Tuesday 09/10/18: 1.30pm -2.30pm

Wednesday 10/10/18: 6.00pm - 7.30pm

Thursday 11/10/18: 8.20am - 8.50am & 2.30pm -3.00pm

Lá na nDaltaí - Páirc Tayto

Tá an **Foras Patrúnachta** (Patrún Ghaelscoil Thaobh na Coille) ag ceiliúradh 25 bliana ó bunaíodh an patrúnacht. Is é An Foras Patrúnachta an patrún is mó in Éirinn ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge. Tá breis is 70 scoil faoina bpátrúnacht. Tá An Foras Patrúnachta ina phátrún ar scoileanna lán-Ghaeilge a bhfuil éiteas Caitliceach, Ilchreidmheach, agus Idirchreidmheach acu. An fhís atá ag An Foras Patrúnachta ná oideachas lán-Ghaeilge den scoth a chothú, a fhorbairt agus a leathnú ar fud na tíre.

Tá **Lá na nDaltaí** á eagrú do dhaltai Gaelscoileanna an Fhorais i **Tayto Park** ar an Aoine 28/09/18. Beidh suas le 5,000 dalta ó Ghaelscoileanna éagsúla ar fud na tíre i Tayto Park ar an lá sin. Beidh daltaí Rang a 5 agus Rang 6 ó Ghaelscoil Thaobh na Coille ag freastal ar an lá mór seo. Is ceiliúradh ollmhór ar an nGaeilge a bheidh san ócáid seo, deis iontach do na páistí an Ghaeilge a úsáid i suíomh nádúrtha, i measc páistí eile le Gaeilge. Lá spraoiúil, spleodrach do chách.



Lá na nDaltaí - Tayto Park

An Foras Patrúnachta (Gaelscoil Thaobh na Coille's Patron Body) is celebrating 25 years since its foundation in 1993. An Foras Patrúnachta is the largest patron of Irish-medium schools in Ireland at both primary and secondary level. There are over 70 schools under its patronage. An Foras Patrúnachta is a patron of Irish-medium schools that have a choice of a Catholic, Multi-denominational and Interdenominational ethos. The vision of An Foras Patrúnachta is to develop & promote education through the medium of Irish throughout the country.

An Foras Patrúnachta is organising '**Lá na nDaltaí**' in **Tayto Park** on Friday the 28/09/18. There will be up to 5,000 pupils who attend Gaelscoileanna all over the country in attendance on the day. Pupils from 5th and 6th class in Gaelscoil Thaobh na Coille will attend. This promises to be a wonderful occasion where the use of 'Gaeilge' as a natural, everyday spoken language will be celebrated. An enjoyable, wonderful and exciting day for all.

Polasáí um Chosaint Sonraí

Tá athbhreithniú iomlán déanta ar Pholasáí um Chosaint Sonraí na scoile de réir na hachtanna um Chosaint Sonraí 1998 go 2018 & Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí an AE (RGCS). Tá teacht ar an bpolasáí leasaithe seo ar shuíomh ghréasáin na scoile www.taobhnacoille.ie



Data Protection Policy & GDPR

The school's Data Protection Policy has been reviewed and updated in line with the Data Protection Acts 1998 to 2018 & the EU General Data Personal Regulation (GDPR). The updated policy can be viewed on the school's website www.taobhnacoille.ie - policies

Naíonáin Shóisearacha 2019

Bí cinnte go bhfuil do pháiste cláraithe linn má tá sé i gceist agat go dtosóidh sé/sí sa scoil an bhliain seo chugainn. Beidh foirm chláráithe Meán Fómhair 2019 á sheoladh amach againn ag gach clann le gach páiste atá réamhchláráithe linn ag tús na míosa seo chugainn. Ofráilfear áiteanna sa scoil i rang naíonáin shóisearacha na bliana seo chugainn (MeánFómhair 2019) ar an Aoine 23 Samhain .



2019 Junior Infant Class

Please ensure that you filled out a pre-enrolment form for your child if you intend starting them in school next year. Enrolment forms for September 2019 will be posted out at the beginning of October to all families of children for whom we have received pre-enrolled forms. School places for next year's junior infant classes (Sept 2019) will be allocated on the 23rd of November.

Seó na Naíonáin

Beidh na naíonáin shóisearacha (N1A, N1B, N1C) ag déanamh cur i láthair beag dá dtuismitheoirí de na rannta agus na hamhráin atá á fhoghlaim acu ar scoil ar an **DÉARDAOIN** an **25 Deireadh Fómhair** ag 1pm. Beidh tae/caifé ar fáil sa halla óna 12.30pm




Junior Infants Recital

Our Junior Infants (N1A, N1B, N1C) will put on a small performance for you the parents, of the poems and the songs they are learning at school on **THURSDAY the 25th of October** at 1pm. Tea/Coffee will be served to the parents in the halla before hand from 12.30pm

Oíche Shóisialta

Tá oíche shóisialta ceoil, rince & craic do thuistí na scoile á reachtáil ag Coiste na dTuistí ar an Aoine, 5 Deireadh Fómhair i Lamb Doyle's. Tícéid €5 - ar fáil ó na hIonadaithe Ranga nó ó Choiste na dTuistí.



Social Night

Coiste na dTuistí are organising a social night of ceol, rince and craic for parents in Lamb Doyle's on Friday the 5th of October. Tickets €5 - available from Coiste na dTuistí or from your Class Rep.



R5A ag BÁCÁIL

Bhain R5A úsáid as na húlla breátha a d'fhás ar na crainn úll atá ar chúil na scoile chun Pióga Mhionbhruair Úll a bhácáil. D'oibrigh siad i mbeirteanna, ag meá comhábhair, ag criathrú plúr, ag cuimilt ime & plúr le chéile le mionbhruair a dhéanamh, ag bearradh agus ag gearradh na húlla agus ag baint an croí astu. Bhí ríméad orthu ag dul abhaile le pióg bhlasta ag deireadh an lae.

R5A used the apples that grew on the apple trees we have at the back of the school to make Apple Crumbles. They worked in pairs, measuring out all the ingredients, sifting the flour, rubbing the flour and butter into a fine crumb, peeling, coring and slicing apples. They were delighted to go home at the end of the day with their very own Apple Crumbles.



Féach ar na húlla breátha atá ag fás ar an gcrann!

Plúr agus ime á mheasca le chéile